



AN CHOMHAIRLE EORPACH

**An Bhruiséil, an 14 Márta 2013
(OR. en)**

EUCO 23/13

**CO EUR 3
CONCL 2**

NÓTA CUMHDAIGH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Na Toscaireachtaí

Ábhar: **AN CHOMHAIRLE EORPACH
14 agus 15 Márta 2013**

CONCLÚIDÍ

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle Eorpach
(an 14/15 Márta 2013)

Le blianta beaga anuas tá a lán déanta againn chun freagairt do na dúshláin a bhaineann leis an ngéarchéim airgeadais agus fiachais cheannasaigh, d'fhoill an bealach a réiteach chun filleadh ar an bhfás inbhuanaithe chun poist a chruthú, agus dul i dtreo rialachais eacnamaíoch níos fearr ar leibhéal an AE agus ar leibhéal an limistéir euro araon. Tá neart bainte amach ainneoin roinnt éiginnteachtaí atá fós sna margáí airgeadais. Is léir, áfach, ó mheirbhliú na gníomhaíochta eacnamaíche a thuarar do 2013 agus ó na leibhéil dho-ghlactha ard dífhostaíochta a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí tacú leis an bhfás mar ábhar tosaíochta, agus comhdhlúthú buiséadach lena gcothaítear fás á saothrú ag an am céanna. Bhí plé cuimsitheach ag an gComhairle Eorpach faoin staid eacnamaíoch agus shóisialta agus leag sí síos na treoshuimh do bheartas eacnamaíoch na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh in 2013. Ní mór díriú ar na cinntí a rinneadh a chur chun feidhme, go háirithe maidir leis an gComhshocrú le haghaidh Fáis agus Post. Ní mór tosaíocht faoi leith a thabhairt do thacaíocht d'fhostaíocht daoine óga agus an fás agus an t-iomaíochas a chur chun cinn. Fillfidh an Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh seo chugainn ar an measúnú ar bheartais atá á sainiú ar an leibhéal náisiúnta chun na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme agus ar an gComhshocrú le haghaidh Fáis agus Post a chur chun feidhme. D'aontaidh sí go bpléifeadh sí sna míonna amach romhainn téamaí sonracha lena mbaineann mórachmhainneacht maidir le fás agus poist a shaothrú. Thug sí dá haire freisin an obair leanúnach atá ar bun maidir leis an Aontas Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (AEA) a dhoimhniú i bhfianaise an chruinnithe a bheidh aici i mí an Mheithimh seo chugainn.

I. BEARTAS EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

An Seimeastar Eorpach: Iomaíochas, fás agus poist a chur chun cinn, go háirithe do dhaoine óga

1. I gcomhréir lenar comhaontaíodh i mí na Nollag seo caite, tá na Ballstáit agus ann tAontas Eorpach i mbun gníomhaíochta cinntithí chun iomaíochas, fás agus poist a chur chun cinn, i gcomhréir leis na tosaíochtaí seo a leanas, mar atá leagtha amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis:
 - (a) dul sa tóir ar chomhdhlúthú buiséadach a bheadh difreálaithe agus lena gcothaítear fás;
 - (b) gnáthiasachtú a chur i bhfeidhm sa gheilleagar arís;
 - (c) fás agus iomaíochas a chur chun cinn;
 - (d) dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime;
 - (e) nuachóiriú a dhéanamh ar an riarachán poiblí.

2. Is é an cur chun feidhme an rud is tábhachtaí i gcónaí. Tá gá le gníomhaíocht chinntitheach chun taca a chur faoin tiomantas polaitiúil láidir atá ann an fás agus poist a chur chun cinn agus freagairt do dhúshláin bhuiséadacha, mhaicreacnamaíocha agus struchtúracha. Ní mór go léireofar an méid sin i gCláir Athchóirithe Náisiúnta na mBallstát agus ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú, lena gcuirfear san áireamh go hiomlán an plé a rinneadh sa Chomhairle faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis an Choimisiúin mar a leagtar amach sa Tuarascáil Sintéise ón Uachtaránacht agus sna conclúidí ábhartha ón gComhairle¹, chomh maith leis an anailís a rinne an Coimisiún i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh.
3. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh i dtreo buiséad a bheadh cothrom go struchtúrtha agus ní mór leanúint den dul chun cinn sin. Leagann an Chomhairle Eorpach béim go háirithe ar a riachtanaí atá comhdhlúthú buiséadach a bheadh difreálaithe agus lena gcothaítear fás, agus na féidearthachtaí a bhaineann leis na rialacha buiséadacha atá ann cheana sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) agus sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (CCCR) á meabhrú ag an am céanna.
4. Ba cheart go mbeadh meascán cuí de bhearta caiteachais agus ioncaim ann ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear bearta spriocdhírithe gearrthéarmacha chun dlús a chur faoin bhfás agus chun tacú le poist a chruthú, go háirithe do dhaoine óga, agus lena dtabharfaí tosaíocht d'infheistíocht lena gcothaítear an fás. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach, sa chomhthéacs seo, gur féidir na deiseanna a eascraíonn ó chreat buiséadach an AE atá ann cheana chun cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais na hinfheistíochta poiblí táirgiúla agus cuspóirí an smachta bhuiséadaigh a shaothrú faoi ghné choiscitheach an CCF, agus an CCF á urramú go hiomlán.

¹ Conclúidí ón gComhairle an 12 Feabhra 2013 maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis agus i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, Conclúidí ón gComhairle an 15 Feabhra 2013 maidir le hoideachas, Conclúidí ón gComhairle an 28 Feabhra 2013 i ndáil le treoir pholaitiúil maidir le fostaíocht agus beartais shóisialta agus Conclúidí ón gComhairle an 5 Márta 2013 maidir le cáilíocht an chaiteachais poiblí.

5. Ní foláir an comhdhlúthú buiséadach agus athbhunú na cobhsaíochta airgeadais dul ar aghaidh in éineacht le hathchóirithe struchtúracha dea-dheartha arb é is aidhm dóibh an fás inbhuanaithe, an fhostaíocht agus an t-iomaíochas a chur chun cinn mar aon le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a cheartú. Sa chomhthéacs seo, meabhraíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé an cánachas a aistriú ó shaothar, i gcás inarb iomchuí agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin á n-aithint, mar mhodh chun cuidiú leis an bhfás agus leis an iomaíochas a mhéadú.

6. I gcomhthéacs an chomhdhlúthaithe dhúshlánaigh bhuiséadaigh, tá sé tábhachtach a áirithiú go n-íocfaidh gach éinne a gcion ó thaobh cánacha de. Ní mór, dá bhrí sin, tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun go mbeidh bailiú cánacha níos éifeachtúla agus chun dul i ngleic le himghabháil cánach, lena n-áirítear trí chomhaontuithe le tríú tíortha maidir le cáin ar choigilteas agus dul chun cinn pras a dhéanamh maidir le dul i ngleic le calaois CBL. Tá gá le dlúthchomhar leis an ECFE agus an G20 chun caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a fhorbairt chun go gcuirfear cosc ar chreimeadh an bhoinn agus ar aistriú brabúis. Chun na críche sin, déanfaidh an AE a sheasaimh a chomhordú. Ba cheart go mbogfar an obair maidir le comhaid chánacha atá ar feitheamh ar aghaidh, amhail tograí maidir le cáin fuinnimh, an comhbhonn cánach corparáide comhdhlúite agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cáin ar Choigilteas. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh san obair ar chomhar feabhsaithe maidir leis an gcáin ar idirbhearta airgeadais.

7. Maidir le gníomhaíocht arna glacadh ar leibhéal an AE, ní mór go leanfar de na treoirlínte a chinn an Chomhairle Eorpach le míonna beaga anuas, go háirithe i ndáil leis an gComhshocrú le haghaidh Fáis agus Post, a chur chun feidhme go hiomlán mar ábhar práinne, agus leas á bhaint as acmhainneacht an gheilleagair ghlais chun an fás agus an t-iomaíochas a chur chun cinn. Leis an méadú EUR 10 billiún a rinneadh le déanaí ar chaipiteal an BEI, beidh ar chumas an Bhainc EUR 60 billiún breise a thabhairt ar iasacht chun tacú leis an bhfás agus le poist, agus, in éineacht leis an gCiste Eorpach Infheistíochta, cuideoidh sin le tús a chur le tionscadail a bhfuil luach suas go EUR 180 billiún ag roinnt leo idir 2013 agus 2015. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú ar chur chun feidhme an Chomhshocráithe i mí an Mheithimh, agus béim faoi leith á leagan ar bhearta arb é is aidhm dóibh poist a chruthú agus ar mhaoiniú an gheilleagair a threisiú ar mhaithe le bearta tapa fáis. I dtaca leis sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an BEI, tuarascáil i mí an Mheithimh ar na deiseanna agus ar na spriocthosaíochtaí ar cheart a shainaitheint, go háirithe a mhéad a bhaineann leis an mbonneagar, le héifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, leis an ngeilleagar digiteach, le taighde agus nuálaíocht agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide.
8. Tá sé práinneach go ndéanfar an creat a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme ar mhaithe le rialachas eacnamaíoch níos fearr. Ba cheart úsáid iomlán a bhaint as an reachtaíocht nua maidir le faireachas maicreacnamaíoch agus buiséadach (an "sé-phaca", an "dé-phaca" agus an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas). Ní mór, go háirithe, an obair ullmhúcháin uile a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha nua sin i bhfeidhm go héifeachtach ó thús na dtimthriallta buiséadacha náisiúnta in 2013.

9. Leagann an Chomhairle Eorpach béim shonrach inniu ar na saincheistean seo a leanas:

- (a) an dúshlán sóisialta is tábhachtaí atá romhainn is ea dul i ngleic leis an dífhostaíocht. Tá gá dá bhrí sin le tosaíocht speisialta agus aire speisialta a thabhairt sa chomhthéacs reatha do bheartais ghníomhacha fostaíochta, shóisialta agus mhargaidh saothair agus ní foláir tosaíocht faoi leith a thabhairt don fhostaíocht le haghaidh daoine óga. Ní mór do chórais oideachais agus oiliúna feidhmiú níos fearr chun a áirithiú go mbeidh na scileanna cearta ag daoine óga agus chun saol na hoibre agus saol an oideachais a nascadh ar dhóigh níos éifeachtúla. Ag leanúint den chomhaontú ar thángthas air ag an gComhairle Eorpach i mí Feabhra 2013 maidir leis an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra, tá an Coimisiún tar éis tograí a chur ar aghaidh, i gcomhthéacs na hidirbheartaíochta atá ar siúl i ndáil leis an Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis na leasuithe teicniúla lena ndéanfar an Tionscnamh lánoibríochtúil faoin 1 Eanáir 2014. Idir an dá linn, is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as an maoiniú atá ar fáil ó na cistí struchtúracha ábhartha uile sa chlárthréimhse reatha chun cuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc daoine óga. Sa chomhthéacs seo, fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh iarrachtaí an Choimisiúin lena gcuirtear tuilleadh leis an obair in éineacht leis na Ballstáit sin ina bhfuil na leibhéil is mó dífhostaíochta i measc daoine óga. Leis an gcomhaontú ar thángthas air ag an gComhairle an 28 Feabhra maidir leis an Rátháíocht don Óige, cuideofar lena áirithiú go bhfaighidh gach duine óg faoi bhun aois 25 bliana tairscint ardchaighdeán ar fhostaíocht, ar oideachas leanúnach, ar phrintíseacht nó ar thréimhse oiliúna laistigh de cheithre mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh oideachas foirmiúil a fhágáil, agus ba cheart go gcuirfí chun feidhme í go pras, lena n-áirítear trí thacaíocht ón Tionscnamh Fostaíochta don Ógra. Ar bhonn níos ginearálta, ní mór leanúint leis an obair ar an bpacáiste Fostaíochta, lena n-áirítear i bhfad níos mó ban a fhostú, dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú agus rannpháirtíocht iomlán oibrithe níos aosta a áirithiú. Tá sé fíorthábhachtach dul i ngleic le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime agus comhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta;

- (b) is é an Margadh Aonair an príomhspreagadh i gcónaí don fhás agus do phoist. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit an moltaí sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir le staid an chomhtháthaithe sa Mhargadh Aonair a chur san áireamh go hiomlán agus fáiltíonn sí roimh intinn an Choimisiúin tuairisciú den chineál sin a chuimsiú i Suirbhéanna Bliantúla Fáis amach anseo. Tá tosaíocht bhunriachtanach ag roinnt leis an obair maidir le tograí uile an Ghnímh um an Margadh Aonair I a thabhairt chun críche go pras, go háirithe maidir le príomhchomhaid amhail cuntasáíocht, cáilíochtaí gairmiúla, soláthar poiblí, oibrithe a chur i gceann poist agus síniú leictreonach/sainathint leictreonach, agus é d'aidhm leis sin an t-iomaíochas a spreagadh, an Margadh Aonair a dhoimhniú agus bacainní nach bhfuil bonn cirt leo a scriosadh. Cuirfidh an Coimisiún na tograí GMA II atá fágtha i láthair gan mhoill chun go scrúdófar go pras iad d'fhonn iad a ghlacadh roimh dheireadh na tréimhse reachtaí seo. Tá práinn ag roinnt freisin le feabhas a chur ar chur chun feidhme reachtaíocht uile an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear an Treoir um Sheirbhísí, go háirithe trí dhian-athbhreithniú piaraí agus trí ghníomhaíocht phras chun bacainní nach bhfuil bonn cirt leo a scriosadh. Leanfaidh an Chomhairle Eorpach d'athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na saincheistanna sin uile.

- (c) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun an t-ualach rialála iomlán ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta a laghdú, agus aird á tabhairt ar an ngá atá ann an chosaint cheart a thabhairt do thomhaltóirí agus d'fhostaithe. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún an obair ar an rialáil chliste a thabhairt chun cinn i bhfianaise na dteachtaireachtaí a fuarthas ón gCoimisiún le déanaí, agus béim faoi leith á leagan ar riachtanais na bhfiontar beag agus meánmhéide. Tabharfaidh na Ballstáit aird faoi leith ar ualaigh bhreise a sheachaint agus reachtaíocht an AE á cur chun feidhme acu. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an tuarascáil a tháinig ón gCoimisiún le déanaí maidir leis na rialacháin is troime do FBManna agus tá sí ag tnúth le na tograí nithiúla tosaigh a fháil chun a chuid torthaí a chur chun feidhme faoi mhí Meithimh. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn trí scórchlár na bhfiontar beag agus meánmhéide. Áiríteoidh sé freisin go ndéanfar a chlár "Oiriúnacht Rialála" a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtúil, go háirithe trí shainaithint phras a dhéanamh ar na réimsí rialála agus na codanna den reachtaíocht is mó acmhainneacht chun rialacha a shimpliú agus costais rialála a laghdú. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis na chéad thograí a fháil san Fhómhar maidir leis an ualach rialála a shimpliú agus a laghdú. Tugann an Chomhairle Eorpach ar aird, mar chuid dá chlár oibre bliantúil, go gcuireann an Coimisiún ar aghaidh liosta de na tograí atá ar feitheamh agus atá le tarraingt siar. D'fhonn an t-ualach rialála a laghdú agus iomaíochas a chothú, spreagann sí an Coimisiún úsáid a bhaint as a Chlár "REFIT" chun rialacháin nach bhfuil úsáid á baint astu a thuilleadh a shainaithint agus a mholadh san Fhómhar chun go dtarraingneofar siar iad agus chun comhdhlúthú na reachtaíochta atá ann cheana a shaothrú mar chuid dá cuid oibre simplíthe.

10. Tionólfaidh an Chomhairle Eorpach idirphlé téamach sna míonna amach romhainn maidir leis na gnéithe earnálacha agus struchtúracha atá lárnach i gcás an fháis eacnamaíoch agus an iomaíochais Eorpaigh. Beidh plé den chineál sin mar chuid de dhíospóireacht an bhliain seo chugainn maidir leis an Straitéis Eoraip 2020 agus maidir leis an athbhreithniú ar an dul chun cinn chun na príomhspríocanna a bhaint amach. Ag féachaint don phlé sin, iarrann sí go ndéanfar obair ullmhúcháin lena dtabharfar tosaíocht do na saincheistanna seo a leanas:
- (a) fuinneamh (Bealtaine 2013): tá an obair ag leanúint ar aghaidh ar an Margadh Inmheánach Fuinnimh a thabhairt chun críche agus ar idirnaisc le margaí Eorpacha fuinnimh. Níor cheart go bhfanfadh aon Bhallstát AE scartha amach ó na líonraí Eorpacha gáis agus leictreachais tar éis 2015. Tá gá le hinfheistíocht san Eoraip i mbonneagar nua-aimseartha fuinnimh agus le dul i ngleic le dúshlán na bpraghsanna arda fuinnimh a chuireann bac ar an iomaíochas;
 - (b) nuálaíocht (Deireadh Fómhair 2013): tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an gcur i láthair ón gCoimisiún dá thuarascáil ar an dul chun cinn maidir le Réimse Eorpach Taighde chomh maith lena theachtaireacht ar "Staid Aontas na Nuálaíochta 2012", lena n-áirítear an táscaire aonair nuálaíochta, in am trátha dá hidirphlé;
 - (c) an clár digiteach agus seirbhísí eile (Deireadh Fómhair 2013): tugann an Chomhairle Eorpach intinn an Choimisiúin ar aird tuarascáil a chur i láthair i bhfad roimh Dheireadh Fómhair maidir leis an staid reatha agus leis na constaicí atá fós le sárú d'fhonn a áirithiú go gcuirfear Margadh Aonair Digiteach lánfheidhmiúil i gcrích faoi 2015, mar aon le bearta nithiúla chun an margadh aonair i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide a chur ar bun a luaithe is féidir;
 - (d) cosaint (Mí na Nollag 2013): faoina chuimsiú sin, féachfaidh an Chomhairle freisin ar na bealaí chun forbairt a dhéanamh ar bhunáit theicneolaíoch agus thionsclaíoch chosanta Eorpach a bheidh níos comhtháite, níos nuálaí agus níos iomaíche;

- (e) iomaíochas tionsclaíoch agus beartas (Meitheamh 2013 agus Feabhra 2014): agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá sé an Eoraip a dhéanamh níos iomaíche mar áit tháirgiúlachta agus infheistíochta, tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an toradh a bheidh ar na Teachtaireachtaí a tháinig ón gCoimisiún le déanaí maidir le beartas tionsclaíoch agus maidir le hearnálacha sonracha tionsclaíocha agus tá sí ag tnúth chomh maith leis an méid breise a chuirfidh an Coimisiún i láthair in am trátha le haghaidh an phlé sin: an tuarascáil maidir le hiomaíochas Eorpach, an tuarascáil maidir le tosaíochtaí don bheartas tionsclaíoch a chur chun feidhme agus an bhailchríoch a chuirfear ar an athbhreithniú ar an margadh aonair do tháirgí tionsclaíocha.

AEA a dhoimhniú

11. Bhreathnaigh an Chomhairle Eorpach an obair atá i gcónaí idir lámha maidir le ceithre ghné a sainaithníodh ina Conclúidí i mí na Nollag 2012 maidir leis an AEA a dhoimhniú. Ní mór tuilleadh céimeanna chun an dlistineacht agus an chuntasacht a neartú a bheith ag gabháil le haon chéimeanna nua chun an rialachas eadnamaíoch a neartú.
12. Tá sé práinneach bogadh i dtreo creata airgeadais atá níos comhtháite, chun gnáthiasachtú a chur i bhfeidhm arís, chun feabhas a chur ar an iomaíochas agus chun cuidiú leis na coigeartuithe riachtanacha eadnamaíocha a chur ar bun. Mar thoradh ar an dul chun cinn a rinneadh ar na rialacha nua faoi riachtanais chaipitil na mbanc, ní mór bailchríoch a chur go gasta ar na saincheistean teicniúla atá fós gan réiteach chun gur féidir teacht ar chomhaontú deiridh faoi dheireadh na míosa. Tá sé mar thosaíocht sna seachtainí atá romhainn go ndéanfar an nós imeachta reachtach maidir leis an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) a thabhairt chun críche.

13. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach, nach mór, mar ábhar práinne, an fáinne fi idir na bainc agus na rialtais a bhriseadh. Mar a comhaontaíodh i mí na Nollag 2012, ba cheart teacht ar chomhaontú, chomh luath agus is féidir sa chéad seimeastar den bhliain 2013, maidir le creat oibríochtúil, lena n-áirítear sainmhíniú ar shócmhainní oidhreachtacha ionas gurb amhlaidh, nuair a bhunófar sásra éifeachtach maoirseachta aonair, go mbeidh deis leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, tar éis gnáthchinnidh, na bainc a athchaipitliú go díreach. Ní mór teacht ar chomhaontú roimh mhí an Mheithimh 2013 i ndáil leis an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc agus an Treoir maidir le Scéim Ráthaithe Taiscí chun cothromaíocht idir na tíortha baile agus na tíortha aíochta a áirithiú. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh faoi Shamhradh 2013 maidir le Sásra Réitigh Aonair do thíortha a bheidh rannpháirteach san SMA, a dhéanfar a scrúdú mar ábhar tosaíochta d'fhonn í a ghlacadh le linn an timthrialla pharlaimintigh reatha. I gcomhréir le conclúidí mhí na Nollag 2012, ba cheart go n-áiritheofaí leis creat éifeachtach chun institiúidí airgeadais a réiteach agus na cáiníocóirí á gcosaint ag an am céanna i gcomhthéacs géarchéimeanna baincéireachta, go mbeadh sé bunaithe ar ranníocaíochtaí ón earnáil airgeadais féin agus go n-áireofaí ann socruithe tacaíochta éifeachtacha agus iomchuí. Urramófar go hiomlán sláine an Mhargaidh Aonair agus áiritheofar cothroime iomaíochta idir na Ballstáit a bheidh rannpháirteach sa SMA agus iad siúd nach mbeidh.
14. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur glacadh na rialacha a bhaineann le heagrú imeachtaí na gcrúinnithe mullaigh faoin euro agus is mór aici go bhfuil sé i gceist leis na rialacha sin feabhas a chur ar cháilíocht rialachas an limistéir euro agus sláine an Aontais Eorpaigh ina iomláine á caomhnú ag an am céanna, de réir mar a aithnítear an méid sin i bhforálacha ábhartha CCCR² go háirithe.

II. CEISTEANNA EILE

15. Phléigh an Chomhairle Eorpach caidreamh an AE lena chomhpháirtithe straitéiseacha.

² Tá forchoimeádas parlaiminteach ag an Ísiltír maidir leis an bpointe seo.